

☼ An Lúibín ☼

8 Iúil 2015

Seanchas na scannán

Oidhche Sheanchais an chéad scannán a rinneadh i nGaeilge. Rinne Robert Flaherty é sa bhliain 1935, sa stiúideo céanna a raibh foireann *Man of Aran* bailithe le chéile chun fuaim iarshioncronaithe a thairneadh. Scannán gearr aon nóiméad déag *Oidhche Sheanchais* agus aisteoirí ó *Man of Aran* le feiceáil ann ag éisteacht le scéal de chuid Sheáinín Tom Uí Dhioráin, seanchaí, agus le hamhrán a deir Maggie Dirane.

Síleadh go raibh gach cóip den scannán cailte de dheasca tine sa bhliain 1943. Ach sa bhliain 2012 tháinig coimeádaíthe ó Leabharlann Houghton in Harvard ar phrionta níotráite a cheannaigh Leabharlann Choláiste Harvard sa bhliain 1935 ar iarraidh Roinn Teangacha agus Litríochtaí Ceilteacha na hOllscoile. Anois tá *Oidhche Sheanchais* aistrithe go scannán 35mm agus go formáid dhigiteach ag Cartlann Scannán Harvard.

Bhí cúpla rud le rá faoi chúrsaí scannánaíochta ag an Seanadóir Ernest Blythe sula ndearnadh an scannán:

Ó tháinig na scannáin chainte isteach tá namhaid nua láidir ag an nGaeilge. Má leanann ré na scannán beidh sé fuar againn bheith ag iarraidh an teanga do shábháil mura dtoilíonn an Rialtas cuid mhaith airgid do dheonú le pictiúirí Gaelacha a chur ar fáil. Ní fheadar i gceart cad é an méid airgid a bheadh ag teastáil, acht is dóigh liom, dá mba ghá é, go mb'fhiú oiread a chaitheamh le Galldachas na bpictiúrlanna do laghdú agus a chaithear ar thaidhleoirí le clú agus gradam an stáit d'fhógairt thar lear i. £70,000.

Thug an Roinn Oideachais £200 do Flaherty, agus rinne sé an saghas scannáin a d'fhéadfá a dhéanamh leis an airgead sin: Seáinín Tom ag insint scéil. Ní raibh Blythe féin róshásta.

Is breá an píosa seanchais an scéal, mar sin féin. Bhí fear sa chuid thiar de Chonamara sa tseanaimsir agus ba é a ainm Máirtín Mac an Rí. Bhí a bhean cailte agus bhí triúr mac aige, agus bhí siad beo ar an iascaireacht. Lá amháin d'iarr sé ar a mhic splanc a shá sa phíce a bhí ar chúl an dorais agus an phíce a thabhairt leo. An tríú amach amháin a rinne a chomhairle. Amach leo agus farraige gharbh ann agus báid á mbá. Ní dhearna an tríú mac ach breith ar an bpíce agus ar an splanc agus í a chaitheamh in éadan na farraige, agus níor fhan ceo ná gála ná tada. Faoi cheann cheithre oíche ina dhiaidh, tháinig duine uasal iontach chun doras Mháirtín Mac an Rí, titim na hoíche, agus capall breá álainn ceart dubh aige. Thug sé an tríú mac leis gur tháinig siad go dtí caisleán breá álainn. Bhí siad ag gabháil ó sheomra go seomra agus chuile sheomra acu níos breátha ná an ceann eile go ndeacha siad isteach i seomra a bhí lán le mná óga breátha. Bhí bean óg thuas sa leaba ann agus cos an phíce amach ón éadach. 'Tarraing í seo,' arsa an duine uasal, 'más tú a chuir inti í,' ar seisean. 'Sin Banríon na Bruíne agus mise Rí na Bruíne!' Rug an tríú mac ar an bpíce agus tharraing sé amach í. Bhí an bhean óg buíoch de. 'Déanfaidh mise, b'fhéidir, beagán leasa dhuit,' ar sise. Agus faoi cheann trí bliana ina dhiaidh, bhí sruth séin agus sonais ar Mháirtín Mac an Rí agus ar a raibh aige.

Ba chóir a fhiafraí an raibh an sruth céanna ar scannánaíocht na Gaeilge ó shin. Is beag scannán a dhéantar in Éirinn sa Bhéarla féin, ach tháinig TG4 i gcabhair ar na Gaeil maidir le drámaí aonair, sraitheanna agus scannáin faisnéise. Cuimhnimis ar 'Corp agus Anam' agus 'An Crisis,' dhá shraith atá chomh maith le haon cheann a gheofa i dteangacha eile, gan trácht ar shobal síoraí 'Ros na Rún'. Tá roinnt scannán ann a taispeánadh ar teilifís agus sna pictiúrlanna: 'Poitín' (1977) ar ndóigh, agus 'An Bronntanas' (2014). Ach tá an teilifís chun tosaigh.

Le léamh:

- Nollaig Mac Congáil, 'Man of Aran agus Scánnán Gaeilge le Robert Flaherty': <http://aran.library.nuigalway.ie/xmlui/bitstream/handle/10379/1451/Man%20of%20Aran.pdf?sequence=1>
- <https://blogs.law.harvard.edu/hfacollections2/tag/first-irish-language-film/>



Lagú

Deirtear nach bhfuil fágtha ag an nGaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht ach deich mbliana eile. Ní thiocfadh gach duine leis an tuairim sin, ach is beag duine a shéanfadh nach bhfuil an teanga ag lagú gan sos sa chuid is mó de na ceantair atá i gceist.

Tugadh léargas éigin ar an scéal i bpíosa de chuid Mhaitiú Uí Choimín in *Tuairisc.ie*.¹ Chuaigh sé chun cainte lena lán daoine sna Gaeltachtaí difriúla. Ar na daoine sin bhí an scríbhneoir Joe Steve Ó Neachtain, a dúirt go bhfuil an Spidéal níos Gaelaí anois ná mar a bhí sna 1940idí agus 1950idí agus níos mó Gaeilge le cloisteáil sna siopaí. Mar sin féin, bhí droim láimhe á thabhairt ag an aos óg di. Ní raibh an Ghaeilge 'cool,' agus ní raibh a fhios aige 'cén bealach len é a chasadh thart'. Tharraing Dáithí de Mórdha as Dún Chaoin i gCorca Dhuibhne aird ar fhadhb a bhfuil dlúthbhaint aici le ceist na teanga: easpa seirbhísí. San áit a bhfuil sé féin ina chónaí níl siopa ná oifig an phoist; caithfear taisteal a dhéanamh chun bainne a cheannach nó ATM a fháil, agus níl clúdach fóin ceart ann. Dúirt Bríd Ní Sheighin, príomhoide bunscoile i gCeathrú Thaidhg i gContae Mhaigh Eo, go raibh 'laghdú as cuimse' tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla. Ní raibh na déagóirí ag labhairt Gaeilge agus ní raibh seirbhísí le fáil sa teanga. Tá Gaeilge á labhairt ag corrtheaghlach, ach sin an méid.

Scéal eile a bhí ag an gceoltóir Peadar Ó Riada i gCúil Aodha i nGaeltacht Mhúscraí, Contae Chorcaí. Dúirt sé go raibh 'fás as cuimse' tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla ann. Mar sin féin, ní raibh sé sásta leis an gcaighdeán: 'Tá Gaelainn ana-shaibhir ag an seanadhream ach níl sí ag an aos óg'.

Déanann píosa an Choimínigh léiriú ar mheath míchothrom na teanga agus ar na cúrsaí a bhaineann leis. Ní bheadh amhras ort, tar éis an tsaol, ná go bhfuil an Ghaeilge ag dul i léig. Tá na ceantair Ghaeltachta róbheag, níl na seirbhísí ann agus tá an dream óg báite i mBéarla. Tá borradh na Gaeilge sa réimse uirbeach chomh míchothrom céanna: fiú má fhoghlaim tú Gaeilge i nGaelscoil ní gá go mbeadh sí á labhairt agat de ghnáth sa saol mór, agus fiú na ndaoine a labhraíonn go minic í ní gá go bhfuil scoth na teanga acu ná baol air.

I ndeireadh na dála beidh, is dócha, corrdhuine fós sa Ghaeltacht a bheidh in ann comhrá deas líofa a dhéanamh i nGaeilge, ach beidh sí marbh mar theanga an phobail (mar atá sí cheana sa chuid is mó den Ghaeltacht). I mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile beidh na gréasáin ann agus agus pobail bheaga teanga á mbunú ansiúd is anseo, b'fhéidir. Criól dá gcuid féin acu agus é á labhairt (mór an t-iontas) os ard ar na sráideanna. Idir an dá linn, is féidir a rá gur beag baint atá ag an nGaeltacht anois le dul chun cinn na teanga.



Brabús teanga

Creideann 53% de phobal Phoblacht na hÉireann gur acmhainn ar leith an Ghaeilge a chuirfeadh le chur chun cinn an gheilleagair, más fíor do phobalbhreith a rinne Conradh na Gaeilge i gcomhar le Millward Brown. An tuairim chéanna atá ag 46% de phobal Thuaisceart Éireann. Ní nach ionadh, níor léir do bhunús na bProtastúnach i dTuaisceart Éireann go mbeadh aon bhuntáiste ann. Chuir cuid mhaith daoine i mBaile Átha Cliath (36%) amhras sa scéal freisin. Bhí an t-aos óg chun tosaigh ina measc siúd a chreid go bhféadfaí brabach a bhaint as an teanga.

¹ 'Cén fáth a gceapfaí go bhfanfaimis beo mar phobal Gaeilge nuair a fuair an chuid eile bás?' Maitiú Ó Coimín, 17 Meitheamh 2015 : <http://tuairisc.ie/tuarascail-an-udaraig-glor-na-gaeltachta/>


B'fhéidir go bhfuil an ceart ag lucht an amhraís. Tá sé ráite go bhféadfaí tairbhe a bhaint as an nGaeilge chun daoine a mhealladh chun Béal Feirste Thiar, áit a bhfuil 'Gaeltacht uirbeach' bheoga, ach ar éigean ab fhéidir a leithéid a dhéanamh i gceantair a bhfuil an teanga ar an dé deiridh. Ní dhéanann lucht turasóireachta tagairt don teanga agus a chúis sin acu. Is fusa Éire an Bhéarla a dhíol thar lear.

Tá sé in am ag Conradh na Gaeilge tuairisc chruinn a thabhairt ar an mbrabús a d'fhéadfaí a bhaint as an nGaeilge. Ba dheacair é a dhéanamh, mura gcuirtear mionghuilleagar ar bun i measc Ghaeilgeoirí ár linne. Cinnte, tá poist le fáil mar mhúinteoirí, sna meáin, san AE. Ach mionlach beag atá i geist ansin.



Waterloo na nGael agus cathanna eile

Ba dhream ilteangach Arm na Breataine sa 19ú haois. Bhíodh Gàidhlig á labhairt i reisimintí na nGarbhchríoch; bhíodh Breatnais á labhairt sna reisimint Breatnacha anuas go dtí an Chéad Chogadh Domhanda ar a laghad; agus b'fhiú leis na húdaráis 'Rialacha agus Orduithe' a chur i gcló i nGaeilge sa bhliain 1806 maidir le téarmaí seirbhíse agus pá: *Gach Maor no saighdiur a bhfuil ceart aige air a leigion amach go hiomlan, mas a Muith a bhios a Seirbhís an uair sin, do chur don Bhreatain Mhoir no go h'Earin, saor o Chosdas...*



Anois tá Cath Waterloo á cheiliúradh, an cath úd idir na Francaigh agus comhghuaillithe éagsúla Eorpacha sa bhliain 1815 i Ríocht Aontaithe na hÍsiltíre (san áit a bhfuil an Bheilg anois). Shíl Diúc Wellington, ceannasaí airm mheasctha (bhí reisimintí Briotanacha, Gearmánacha agus Beilgeacha ann) gurbh Éireannaigh leath arm na Breataine; déarfadh staraithe an lae inniu gurbh Éireannaigh iad an tríú cuid den arm sin, a bheag nó a mhór.

Ní bheidís ann mura chuir Napoléon Bonaparte tús leis an scléip. I ndiaidh na Réabhlóide a tháinig sé i réim agus rinneadh Impire na Fraince de sa bhliain 1804. Bhí cumas ar leith ann mar cheannasaí ach tháinig, b'fhéidir, an iomarca muiníne aige sa chumas sin. Faoin mbliain 1811 bhí cuid mhaith den Eoraip gafa aige, rud a tharraing naimhdeas na Breataine air. Rinne sé ionradh ar an Rúis sa bhliain 1812 ach ba theip thubaisteach é, agus lean díomuanna eile é. Thug sé suas an choróin sa bhliain 1814 agus díbriodh é go dtí oileán Elba sa Mheánmhuir. Tháinig ionadaithe na Breataine, na hOstaire, na Rúise agus Prúise le chéile i gComhdháil Vín chun cruth nua a chur ar chursaí na hEorpa. Ach ar 27 Feabhra 1815 d'éalaigh Napoléon ó Elba agus thug a aghaidh ar an bhFrainc. Tháinig sé i dtír in aice le Cannes agus rinne ar Pháras, ag cruinniú airm sa siúl dó. Chruinnigh na comhghuaillithe a neart féin ina choinne, ach ghluais sé faoi dheifir agus ba ghearr go raibh a chuid fórsaí sa Bheilg. Baineadh geit as Diúc Wellington, a bhí i gceannas airm mheasctha agus a bhí ag súil le cabhair ón bPrúis. Bhí na Francaigh ag teacht aneas agus Wellington aduaidh, agus ba bheag nár rug na Francaigh an bua. Ach tháinig na Prúisigh in am faoi cheannas an Mharascail Blücher. Ar 18 Meitheamh 1815 bhuaigh siad féin agus arm comhghuaillithe faoi cheannas Diúc Wellington ar fhórsaí Napoléon Bonaparte.

Bhí 77,000 fear in arm comhcheangailte Wellington ach ní raibh ach 28,000 duine acu i reisimintí na Breataine. Bhí neart Éireannach le fáil sa 27ú Reisimint Coisithe (na hInniskillings), sa 6ú Dragúin Inis Cheithleann, sa 28ú Reisimint Coisithe agus sa 52ú Reisimint Coisithe. Bhí an 27ú Reisimint gléasta in gcasóga dearga le fásáil bhuí. Orthu a tháinig meáchan an ionsaithe nuair ba ghéire an cath.

Bhí saighdiúirí Wellington tnáite lá an chatha. Tuirse agus ocras orthu, iad fliuch báite. Chodail na hInniskillings agus eile ar feadh ceithre huairé an chloig i dtús na troda agus iad sínte timpeall míle slat ar chúl na líne lámhaigh.

Ghabh na Francaigh ionad daingnithe fheirm La Haye Sainte. Ansin tharraing siad roinnt gunnaí móra aníos agus dhírigh ar a namhaid iad. Ar an drochuair bhí na hInniskillings os a comhair amach agus iad ina seasamh ina gcearnóg ar eagla go dtiocfadh cos-slua Francach an bealach. Sheas siad an fód i gcoinne marcra, gunnaí móra agus piléir na scirmiseoirí ach dhíol siad go mór as: as an 698 fear a bhí sa reisimint, maraíodh 105 agus gortaíodh 373. Thugtaí fir ghortaithe isteach sa chearnóg agus chaithí na mairbh amach. Ansin, ar an ordú, chuaigh siad ar aghaidh trí dheatach a bhí chomh tiubh sin gur ar éigean arbh fhéidir leo a fheiceáil céard a bhí rompu amach.

Dá bhfiafróimis cén teanga a labhair na saighdiúirí seo ar fhaiche an áir, níor mhór a rá gur labhair siad pé teanga ba ghaire dá gcroí, an teanga is éasca a thiocfadh chun an bhéil ar uair na práinne. Minic go leor, chloisfeá an Ghaeilge. Ní bheadh radharc agat i do thimpeall ach ar scata an-bheag fear de chuid na complachta, agus dá b'Éireannaigh iad bheadh comhrá i nGaeilge eatarthu.

Tháinig a lán teangacha salach ar an mbás ag Waterloo: Francis, Béarla, Ollainais, Gearmáinis, Gàidhlig, Breatnais, Gaeilge. Na mairbh ar mhullach a chéile, fir ghortaithe á dtabhairt isteach go dtí an Bhruiséil, áit a raibh na tithe plódaithe leo. Leanadh a lán ban, mná céile agus eile, na saighdiúirí, agus páistí leo go minic; bhí a leithéidí ag Waterloo agus Éireannaigh ina measc. Gaeilge ag cuid acu, gan dabht.

Bhí saighdiúirí Éirteannacha ag troid ar son na bhFrancach, cé nach raibh siad ag Waterloo. Bunaíodh *la Légion Irlandaise* ar 31 Lúnasa 1803. Is éard ba chuspóir dó cuidiú le hionradh a dhéanamh ar Éirinn. Bhí súil ag Napoléon go mbeadh fáilte ag an bpobal roimh arm Éireannach. Ní bheadh gá le mórán saighdiúirí Francacha agus choinneodh an t-ionradh na Sasanaigh ina suí go ceann a lán blianta eile. Ach chuir buanna mara na Breataine an scéim seo ar neamhnaí.

Rinneadh reisimint Éireannach den Légion ach ba dhream measctha iad. Tháinig roinnt fear ó sheanteaghlai Sheacaibíteacha de chuid na hÉireann agus na hAlban, agus earcaíodh a lán mairnéalach Éireannach a gabhadh tar éis dóibh a bheith preasáilte ag Cabhlach na Breataine. (Is iomaí cainteoir Gaeilge a bheadh ina measc siúd.) Tháinig Gearmánaigh agus Polannaigh isteach freisin. Chaitheadh an reisimint cótaí uaine le ciumhsóga buí,

brístí bána agus veisteanna bána. Bhí a bratach féin ag an reisimint: ar thaobh amháin bhí scríofa 'L'indépendance d'Irlande' agus ar an taobh eile 'Napoléon Empereur des Français à la Légion Irlandaise'.

Sa bhliain 1807 cuireadh an chéad chathlán den Reisimint Éireannach chun Oileán Walcheren i mbéal an Scheldt chun na forsaí a bhí ag cosaint bunáit chabhlaigh Antwerp a bhreisiú. D'ionsaigh fórsaí láidre Briotanacha iad agus sheas an reisimint an fód go maith, ach bhí orthu géilleadh tar éis comhrac an-chrua. Cuireadh an dara cathlán chun na Spáinne sa bhliain 1807 mar chuid de na fórsaí Francacha faoi cheannas an Mharascail Murat. D'fhill siad ar an iosta resiminteach i ndeisceart na hÍsiltíre sa bhliain 1811. Ní raibh baint acu le hionradh tuabaisteach na Rúise ach bhí siad ag troid le hairm na Rúise agus na Prúise sa bhliain 1813. Rinne siad gaisce ach bhí an troid an-ghéar, agus faoi Lúnasa ní raibh fágtha as an dá mhíle fear a bhíodh sa chathlán ach 117. D'fhill an fuíoll ar an iosta agus thosaigh ag earcú i measc príosúnaigh chogaidh.

Thug Napoléon suas a choróin sa bhliain 1814 agus chuaigh ar deoraíocht. Tháinig rialtas ríoga Búrbónach i gcumhacht agus chuir eagar nua ar an reisimint; chaill siad a gcótaí uaine, rud nár thaitin leo. Tháinig Napoléon ar ais agus bhailigh arm nua; thug an Reisimint Éireannach móid dílseachta dó ach ní raibh siad páirteach i gcath Waterloo. Tar éis dhíomua Napoléon scoireadh an reisimint.

Le léamh:

- John Keegan (1983, athchló). *The Face of Battle*. Penguin Books.
- Desmond Bowen, Jean Bowen (2005). *Heroic Option: The Irish in the British Army*. Pen and Sword Military.
- Gareth Glover (2014). *Waterloo: Myth and Reality*. Pen and Sword.
- Mark Bois, 'The Irish at Waterloo': http://thewildgeese.irish/profiles/blogs/the-irish-at-waterloo-1?xg_source=activity
- Virginia Shaw Medlen, 'Légion Irlandaise (Napoleon's Irish Legion) 1803 – 1815': <http://www.militaryheritage.com/irish.htm>

Lé feiceáil:

- TG4: 'Laochra Gael' (clár faisnéise faoi na Gaeil ag Waterloo): <http://www.tg4.tv/play.php?pid=4305388736001&title=Waterloo%20Na%20Laochra%20Gael&series=Waterloo%20Na%20Laochra%20Gael>



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganacha simplithe

Lagú

Deirtear mbeidh an Ghaeilge á labhairt mar theanga phobail sa Ghaeltacht i gceann deich mbliana eile. Chuaigh Maitiú Ó Coimín (*Tuairisc.ie*) chun cainte le roinnt daoine sa Ghaeltacht. Dúirt an scríbhneoir Joe Steve Ó Neachtain i gConamara nach raibh Ghaeilge ‘cool’ i measc daoine óga agus raibh sí á tréigean acu. agus ní raibh a fhios aige ‘cén bealach len é a chasadh thart’. Tharraing Dáithí de Mórdha i gCorca Dhuibhne ar an easpa seirbhíse trí Ghaeilge. Dúirt Brid Ní Sheighin, príomhoide bunscoile i gContae Mhaigh Eo, go raibh laghdú mór tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla.

Scéal eile a bhí ag an gceoltóir Peadar Ó Riada i gContae Chorcaí. Dúirt sé go raibh fás tagtha ar líon na gcainteoirí laethúla ach go raibh caighdeán na Gaeilge go dona.

Meath míchothrom atá ann, mar sin. Tá na ceantair Ghaeltachta róbheag, níl na seirbhíse ann agus tá an dream óg báite i mBéarla. Fás míchothrom atá le feiceáil sna cathracha. Faigheann roinnt daoine oideachas trí Ghaeilge ach ní labhraíonn cuid acu ina dhiaidh sin i.

I ndeireadh na dála beidh corrchainteoir Gaeilge sa Ghaeltacht fós ach ní bheidh an Ghaeilge ann mar theanga phobail. Sna cathracha beidh pobail bheaga Ghaeilge á mbunú ansiúd is anseo agus criól dá gcuid féin acu.

Waterloo na Gaeilge

Bhí a lán teangacha á labhairt in Arm na Breataine sa naoú haois déag: Gàidhlig agus Breatnais, Béarla agus Gaeilge. Sa bhliain 1806 chuir na húdaráis ‘Rialacha agus Orduithe’ amach i nGaeilge maidir le téarmaí seirbhíse agus pá.

Bhí mórán cainteoirí ag Cath Waterloo sa bhliain 1815. Bhí arm measctha ag Diúc Wellington: reisimintí Briotanacha, Gearmánacha agus Ollannacha. B’Éireannaigh iad an triú cuid de na fórsaí Briotanacha.

Tharla an cath nuair a tháinig Napoléon Bonaparte ar ais ó oileán Elba sa Mheánmhuir. Bhí sé ina dheoraí ann tar éis dó leath na hEorpa a chloí. Ach d’éalaigh sé agus chruinnigh arm nua. Bhuaíl sé le harm Wellington agus le harm na Prúise sa Bheilg (a bhí faoi smacht na hÍsiltíre ag an am). Ba bheag nár rug na Francaigh an bua. Ach tháinig na Prúisigh i gcabhair ar Wellington agus buadh ar na Francaigh.

Bhí 77,000 fear in arm comhcheangailte Wellington ach ní raibh ach 28,000 duine acu i reisimintí na Breataine. Bhí neart Éireannach le fáil sa 27ú Reisimint Coisithe (na hInniskillings), sa 6ú Dragúin Inis Cheithleann, sa 28ú Reisimint Coisithe agus sa 52ú Reisimint Coisithe. Sheas na hInniskillings an fód i gcoinne marcra, gunnaí móra agus scirmiseoirí ach dhíol siad go mór as.

Is í ár dteanga dhúchais is mó a labhraímid ar uair na práinne. Is minic a chloisfeá an Ghaeilge i lár na troda. Bhí mná ann freisin a bhí pósta le saighdiúirí. Bheadh Gaeilge ag cuid acu.

Bhí saighdiúirí Éirteannacha ag troid ar son na bhFrancach, cé nach raibh siad ag Waterloo. Bunaíodh *la Légion Irlandaise* sa bhliain 1803. Rinneadh reisimint den fhórsa seo agus ní Éireannaigh amháin a bhí ann, cé go raibh cainteoirí Gaeilge i measc na saighdiúirí a earcaíodh i measc príosúnaigh chogaidh. Bhí siad ag troid sa Bheilg, sa Spáinn agus le hairm na Rúise agus na Prúise. Chaill an reisimint mórán fear. Tar éis dhíomua Napoléon scoireadh an reisimint.